

FOIREANN NA STRAITÉISE NÁISIÚNTA DRUGAÍ
TUARASCÁIL BLIANTÚIL 2005

Clár na nÁbhar

1.	TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH.....	3
2.	TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA	5
	MÓRGHNIOMHARTHA BUNTÁBHACHTACHA.....	6
2.1.4.	<i>Sraith 1: Tascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí, Meastóireacht, agus Cóicín:.....</i>	<i>6</i>
2.1.2.	<i>Sraith 2: Tascfhórsaí Réigiúnacha ar Dhrugaí</i>	<i>7</i>
2.1.4.	<i>Sraith 3: Mionathruithe ag eascairt as an Athbhreithniú Lárthearma (ALT).....</i>	<i>7</i>
2.1.4.	<i>Sraith 4: Athbheochan).....</i>	<i>7</i>
3.	FÓGHRÚPAÍ FHOIREANN NA STRAITÉISE NÁISIÚNTA DRUGAÍ.....	9
3.1	FOGHRÚPA AN TASCFHÓRSA ÁITIÚIL AR DHRUGAÍ.....	10
3.2	FOGHRÚPA AN TASCFHÓRSA RÉIGIÚNAIGH AR DHRUGAÍ	11
3.3	FOGHRÚPA UM RIACHTANAIS ATÁ AG TEACHT CHUN CINN AGUS ÁITREABH.....	12
3.4	FOGHRÚPA CÓICÍN.....	13
3.5	OILIÚINT	14
3.6	FOGHRÚPA MEASTÓIREACHTA	15
4	AGUISÍNÍ.....	16
4.1	AGUISÍN 1	17
4.1.1	<i>Ballraíocht Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí</i>	<i>17</i>
4.1.2	<i>Foireann Tacaíochta FSND.....</i>	<i>17</i>
4.1.3	<i>Téarmaí Tagartha Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí.....</i>	<i>18</i>
4.1.4	<i>Ról Chomhaltaí Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí.....</i>	<i>19</i>
4.2	AGUISÍN 2 –CATHAOIRLIGH/COMHORDAITHEOIRÍ NA dTASCFHÓRSAÍ ÁITIÚLA AR DHRUGAÍ	20
4.3	AGUISÍN 3 - CATHAOIRLIGH/COMHORDAITHEOIRÍ NA dTFDAÍ RÉIGIÚNACHA.....	23
4.4	AGUISÍN 4: TÁSCAIRÍ PRÓISIS ATHBHREITHNIÚ GOODBODY AR CHAITEACHAS	25
4.5	AGUISÍN 5 – TIONSCADAIL CHAIPITIL AR DEONAÍODH CISTÍ DÓIBH IN 2005.....	29
4.6	AGUISÍN 6 – TIONSCADAIL MAIDIR LE RIACHTANAIS ATÁ AG TEACHT CHUN CINN AR DEONAÍODH CISTÍ DÓIBH IN 2005	29
4.7	AGUISÍN 7 – ACHOIMRE AR MHAOINIUCHAN 2005 DE REIR TFRD	30
4.8	AGUISÍN 8-10 – ACHOIMRE AR MHIONSONRAÍ MAOINIÚCHÁIN & TIONSCADAIL DE RÉIR TFÁD	31

1. TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH

Cúis áthais dom an tuarascáil seo, lena gclúdaítear obair na Foirne i gcomhair 2005, a chur i láthair an Aire Stáit le freagracht as an Straitéis Náisiúnta Drugaí, an tUas. Noel Ahern T.D., i mo ról mar chathaoirleach Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí (FSND).

Lean an Fhoireann ar aghaidh i rith na bliana le haghaidh a thabhairt ar shaincheistanna bunúsacha oibriúcháin a raibh cuid mhaith scríofa mar gheall orthu agus a tharraing Líonraí na gCathaoirleach Réigiúnach agus Áitiúil, *Citywide*, agus an Líonra Deonach ár n-aird orthu chun tacú le hobair na dTascfhórsaí agus a gcuid oibre a bhreiseíú maidir lena dtasc dúshlánach le haghaidh a thabhairt ar riachtanais, a sonraíodh go soiléir, le haghaidh a thabhairt ar an mí-úsáid drugaí ag leibhéal pobail. Bhí an gá le ‘Ciste um Riachtanais atá ag Teacht Chun Cinn’ ag leibhéal áitiúil san áireamh leo seo, chomh maith le tionscnamh na n-áitreabh a chothabháil, an próiseas a chomhaontú maidir leis na hoibrithe forbartha tionscadal agus cúnamh riaracháin a chur i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil, an próiseas earcaíochta do chomhordaitheoirí an Tascfhórsa Réigiúnaigh ar Dhrugaí (TFRD) agus measúnú tráthúil ar a bpleananna réigiúnacha.

De thoradh obair na Foirne, a bhí treoraithe ag cumarsáid leanúnach le Líonra na gCathaoirleach áitiúil agus dhá chruinniú leis na cathaoirligh réigiúnacha, d’fhaomh an tAire Stáit Ahern 15 thionscadal faoin bpróiseas um riachtanais atá ag teacht chun cinn le buiséad bliantúil €849,179 le cois leithdháileadh bliantúil an €16m ar beagnach 280 tionscadal de chuid na dTascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí (TFÁD). Bhí sé ina údar díomá nach beag gurbh é €1m an t-uasmhéid a bhí ar fáil le leithdháileadh ar Riachtanais atá ag Teacht Chun Cinn in 2005. Chuir an tAire Stáit Noel Ahern €m breise ar fáil go luath in 2006 le haghaidh tionscadal arna mbeartú ag TFÁDaí agus arna moladh ag FSND. Chuathas chun cinn go suntasach maidir le hearcú na n-oibrithe forbartha tionscadail agus maidir le cúnamh riaracháin ag leibhéal áitiúil.

Bhí comhordaitheoir réigiúnach lánaimseartha amháin i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana tar éis próisis earcaíochta ar éascaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis, agus thug Aire Stáit Ahern faomhadh tosaigh do phleananna réigiúnacha le huasteorainn tosaigh de € mhilliún. Lena chois sin, bhí cruinniú mullaigh ag an bhFoireann agus ag ceithre chathaoirleach dheonacha fhichead na dTascfhórsaí leis an Taoiseach agus an Tánaiste maidir le saincheist na ndrugaí i mí Iúil agus athdhearbhaíodh tiomantas an Rialtais don Straitéis Náisiúnta Drugaí ag an gcruinniú. Mar chuid den chlár oibre athbheochana, d’eagraigh an Líonra TFÁD seimineár ‘*Vital Connections*’ an 3^ú Deireadh Fómhair chun díriú ar shaincheistanna reatha agus d’eagraigh leasanna na seirbhíse deonaí seimineár i mí na Samhna chun próiseas a thionscnamh le hearnáil dheonach chomhtháite a fhorbairt.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d’obair na gceithre chathaoirleach dheonacha fhichead ar fad a raibh lámh acu sa tacaíocht don Straitéis Náisiúnta Drugaí ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach, dá gcóchomhaltaí den Tascfhórsa agus do Chomhordaitheoirí na dTascfhórsaí.

Tháinig an Fhoireann, agus a cuid gnó á dhéanamh aici, le chéile 17 n-uaire in 2005 agus réachtáladh 32 chruinniú de na foghrúpaí san iomlán. Ghlac comhaltaí aonair den Fhoireann páirt i nó bhíodar ina gcathaoirligh ar gach fochoiste agus bhí ról idirchaidrimh acu leis na Tascfhórsaí ag leibhéal áitiúla agus réigiúnacha rud a sholáthraíonn bealach cumarsáide ríthábhachtach idir an Fhoireann, réigiún agus limistéir áitiúla.

Lean Stiúrthóir FSND, Patricia O’Connor, Uas. agus a foireann ar aghaidh le ról maoirseachta a bheith acu ar gach tionscadal i 14 limistéar na dTFÁD. Bhreisigh Roinn an Taoisigh an fhoireann tacaíochta tuilleadh i mí Aibreáin, tar éis athghairm an oifigigh Riaracháin leathama, le Príomhoifigeach Cúnta (POC) lánaimseartha agus Oifigeach Cléireachais (OC) lánaimseartha breise.

Ba é díorma na foirne ag deireadh na bliana ná seisear, mar atá, Stiúrthóir, Oibrí Forbartha, Oifigeach Airgeadais/Taighde, POC, Oifigeach Feidhmiúcháin agus OC. Le hoibriúcháin na dTFRDaí, ba rí-mhór ag an bhFoireann na baill foirne breise arna sannadh ag Roinn an Taoisigh.

Is rí-mhór againn arís na caidrimh bhisiúla a theachtaimid leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (CCND).

Leanann an tAthbhreithniú Lárthearma, a foilsíodh i mí Mheitheamh 2005, ar an Straitéis Náisiúnta Drugaí, a rithfidh go dtí 2008, ar aghaidh le fócas a sholáthar d'obair agus thosaíochtaí na Foirne. Maidir leis seo, bhain fíorthábhacht le bunú na meithle um *athshlánúchán* i mí Mheáin Fhómhair ó thaobh obair na dTascfhórsaí amach anseo mar gheall ar líon na ndaoine atá ar chláir chothabhála meatadóin anois. Tá sé suntasach freisin gur cuireadh *tacaíocht teaghlaigh* san áireamh mar ghníomh nua, ag ainmniú na Foirne mar ghníomhaireacht chomhpháirteach le FSS agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, mar gheall ar thionchar na mí-úsáide drugaí ar theaghlaigh aonair. Agus fócas níos géire ag teacht ar an *úsáid ildrugaí*, nuair a cuireadh athbhreithniú, faoi stiúir na Roinne Sláinte agus Leanaí, le féachaint ar an bpoitéinseal le haghaidh comhordúcháin agus sineirgíochtaí níos fearr idir réimsí drugaí agus alcóil, breathnaíodh air sin mar rud tráthúil agus tá *tacaíocht iomlán* na Foirne aige. Ar deireadh, mar gheall go bhfuil *leitheadúlacht an chóicín* ag dul i méad, chomhaontaigh an Fhoireann i mí na Samhna le tús a chur le staidpháipéar a fhorbairt i gcomhar leis an gCCND le cur i láthair an Rialtais.

Tá áthas orm an tuarascáil seo lena gclúdaítear obair na Foirne i gcomhair 2005 a chur i láthair an Aire Stáit le freagracht as an Straitéis Náisiúnta Drugaí, an tUas.Noel Ahern T.D.

Padraic White
Cathaoirleach

2. TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA

Cuireann an tuarascáil seo ó Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí (FSND), leis an tuarascáil ar dhul chun cinn a cuireadh i láthair na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (R/GPTG) amach in 2005 lena ndearnadh achoimre ar chlár saothair 2004 na Foirne.

Arís chonacthas tréimhse i mbliana inar tharla tuilleadh forbartha agus leathnaithe ar obair na Foirne lenar áiríodh, ó thaobh cúrsaí riaracháin, táscairí tionscadail curtha isteach ina gcuid dár bhfoirm TFÁD 1 agus dár mbunachar sonraí chun ár n-eolas ar aschuir tionscadail a bhreisiú faoi mar a mhol Sainchomhairleoirí Eacnamaíochta Goodbody in athbhreithniú ar chaiteachas arna choimisiúnú ag an Roinn Airgeadais. Chuir TFÁDaí eolas ar ais chugainn freisin maidir leis an bpróiseas TFÁD féin (Aguisín 4, táscairí próisis Athbhreithniú Goodbody ar Chaiteachas). Tugann sé seo forléargas maith ar fhairsinge na hoibre comhpháirtíochta a bhí i gceist sa tionscnamh *SMI* seo, ar ionadaíocht earnálach TFÁDaí agus a bhFochoistí, agus ar leibhéal sástachta chomhaltaí TFÁD leis an bpróiseas TFÁD i rith 2005.

Sholáthair baill foirne oiliúint i mí Mheáin Fhómhair i gcomhair pearsanra gach tionscadal TFÁD arna mhaoiniú go heatramhach, ar an bhfoirm bhreisithe TFÁD agus bhí obair leanúnach ar siúl i ndáil le measúnú na dtionscadal a cuireadh isteach faoi chiste an TFÁD um riachtanais atá ag teacht chun cinn agus leathnú suntasach ar ár gcuid oibre i ndáil le Tascfhórsaí Réigiúnacha ó thaobh pleananna a mheasúnú srl. Ba thráthúil agus ba bhinn mar sin mar a tháinig Príomhoifigeach Cúnta lánaimseartha, Carmel Madden, isteach ó Roinn an Taoisigh mí Aibreáin in éineacht le Lorraine Cain, Oifigeach Cléireachais, nuair a d'fhill Gráinne Hynes ar an Roinn sin.

San iomlán, reáchtáladh 17 gcruinniú foirne agus 32 chruinniú d'fhoghrúpaí i rith 2005 in éineacht le cruinnithe ráithiúla le Líonra Chomhordaitheoirí an TFÁD agus cruinniú amháin le Comhordaitheoirí eatramhacha TFRD. Leagtar amach comhdhéanamh na Foirne, a téarmaí tagartha agus ról chomhaltaí na Foirne in Aguisín 1.

Thug Máire Mhic Ghiolla Íosa cuairteanna ar roinnt tionscadal i sé limistéar de chuid Tascfhórsaí i mí Eanáir agus na Samhna agus bhuail sí le rannpháirtithe sna tionscadail agus lena bhfoireann. Ba rí-mhór ag gach duine dá raibh i gceist sna pobail na cuairteanna seo.

Ní féidir an iomarca béime a leagan ar an méid a chuir comhaltaí aonair na Foirne isteach ina ról idirchaidrimh le TFÁDaí agus TFRDaí i rith 2005. Cabhraíonn an ról ríthábhachtach seo le dlúthnaisc agus deachaidrimh oibre a choinneáil ar bun agus a fhorbairt lenár struchtúir áitiúla agus réigiúnacha, obair nach féidir a choinneáil ar bun ó bhunáit lárnach. Ó thaobh tacaíochta do thionscadail áitiúla agus réigiúnacha, leithdháileadh beagnach €8 milliún ar 318 dtionscadal in 2005 agus leithdháileadh €1,615,760 breise chun tacú le 7 n-áitreabh a athchóiriú. Leagtar mionsonraí ar gach ar leithdháileadh ar áitreabh in 2005 amach in Aguisín 5 agus faoi Riachtanais atá ag Teacht Chun Cinn in Aguisín 6. Cuirtear mionsonraí ar gach ar leithdháileadh ar thionscadail TFRD in 2005 in Aguisín 7 agus ar TFÁD in aguisíní 8-10.

Leis an gClár Saothair in 2005, a leagtar amach faoi cheithre shraith leathana, féachadh leis an dul chun cinn substaintiúil a rinneadh i rith 2004 a chomhdhlúthú agus a mhéadú. Is iad na sraitheanna seo ná:

Sraith	Foghrúpa/Foghrúpaí
1	Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí Cóicín Meastóireacht
2	Tascfhórsa Réigiúnach ar Dhrugaí
3	Athbhreithniú Lárthearma
4	Próiseas athbheochana an tiomantais ag Ranna agus gníomhaireachtaí do FSND, TFÁD, TFRD, GIR, Úsáideoirí Seirbhíse

Sonraíodh roinnt riachtanas sonracha oiliúna lena gcois agus tugadh iad ar aghaidh. Leagtar amach i gCuid 1.5 iad. Bhí gach togra a tháinig ó Fhoghrúpaí faoi réir ag cinneadh deiridh ag FSND i seisiún iomlánach.

MÓRGHNIOMHARTHA BUNTÁBHACHTACHA

2.1.4. Sraith 1: Tascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí, Meastóireacht, agus Cóicín:

- Eanáir: Tugadh foirm iarratais, treoirlínte agus córas measúnachta i gcomhair na gcistí nua um riachtanais ata ag teacht chun cinn agus áitreabh, chun críche, agus comhaontaíodh agus scaipeadh iad.
- Eanáir: Treoirlínte Oibriúcháin Athbhreithnithe TFÁD sínithe go deireanach agus scaipthe.
- Eanáir: D'éascaigh *Citywide* le cruinniú d'ionadaithe pobail TFÁD, ar thug an Stiúrthóir aitheasc dó.
- Meitheamh: Forbraíodh agus scaipeadh treoirlínte chun measúnú Thionscadail an Tras-Tascfhórsa a threorú (lena n-áirítear Tionscadail a d'fhéadfadh a bheith ina gComhthionscadail Áitiúla agus Réigiúnacha).
- Iúil: Thug an tAire Stáit faomhadh go soláthrófaí oibrithe forbartha tionscadail TFÁD agus cúnaimh riaracháin.
- Meitheamh agus Samhain: Cuireadh tograí cuimsitheacha go leithdháilfí maoiniúchán ar thionscadail agus chun tacú le gníomhartha ar áitreabh, faoi bhráid an Aire Stáit.
- Lúnasa: Athbhreithniú tionscanta ag an bhFoireann ar an ngá le TFÁDaí breise ar aon dul le gníomh 85 na Straitéise Náisiúnta Drugaí.
- Meán Fómhair: Comhaontaíodh, scaipeadh agus cuireadh foirmeacha athbhreithnithe TFÁD 1 i bhfeidhm trí shraith laethanta oiliúna i gcomhair gach tionscadal.
- Samhain/Nollaig: Comhaontaíodh agus próiseáladh leithdháiltí bliantúla maoiniúcháin eatramhaigh i gcomhair 2006 i gcomhair gach tionscadal TFÁD.
- Nollaig: Fuarthas faomhadh na R/GPTG chun tús a chur leis an bpróiseas ó thaobh meastóireacht a dhéanamh ar gach tionscadal TFÁD arna mhaoiniú go heatramhach.
- Nollaig: Eagraíodh an chéad cheann i sraith seimineár i gcomhar leis an gCCND chun cumas taighde ag leibhéal Tascfhórsa a mhéadú.

Maidir le Cóicín:

- Tionscnaíodh ceithre thionscadal phíolótacha agus comhaontaíodh próiseas meastóireachta ar ghníomh.
- Forbraíodh agus rinneadh maoirseacht ar chlár oiliúna píolótach ag trí leibhéal shonracha.
- Thug an R/GPTG faomhadh go dtabharfaí diminsean na dTeiripí Comhlántacha ar aghaidh trí TFÁD Bhaile Bhlainséir.

2.1.2. Sraith 2: Tascfhórsaí Réigiúnacha ar Dhrugaí

- Márta: Tugadh treoirlínte oibriúcháin TFRD (ó Aibreán 2005) chun críche agus scaipeadh iad.
- Aibreán: Dhaingnigh FSND faomhadh an Rialtais go bhfostódh FSS 10 gComhordaitheoir Réigiúnacha go buan.
- Iúil agus Meán Fómhair: Measúnaíodh agus faomhadh 10 bplean TFRD le haghaidh maoiniúcháin tosaigh in 2005 le huasteorainn thosaigh €5 mhilliún.
- Meán Fómhair-Nollaig: Thacaigh FSS leis an bpróiseas earcaíochta i gcomhair 10 bpost na gComhordaitheoirí lena n-áirítear an obair thosaigh, fógraíocht (Deireadh Fómhair), oiliúint d'agallóirí (Samhain) agus próisis agallaimh (Nollaig) d'fhonn is go mbeadh gach Comhordaitheoir i bpost a luaithe agus is féidir. Bhí duine amháin i bpost faoi dheireadh na bliana.
- Nollaig: Reáchtáil FSND cruinniú tionscnaimh in ionad réigiúnach i gCill Chainnigh agus thapaíodar an deis freisin le bualadh le TFRD an Oirdheiscirt agus cuairt a thabhairt ar roinnt tionscadal sa limistéar.

Comhghníomhartha TFÁD/TFRD:

- D'ullmhaigh agus chuir an Fhoireann páipéar i láthair an Ghrúpa Idir-rannaigh i mí Mheáin Fhómhair 2005 maidir leis na hiarmhairtí d'ionadaithe chomhlachtaí reachtúla na dTascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha ar Dhrugaí a bhaineann le corprú dlíthiúil.
- Ag eascairt as seo, d'fhiosraigh an Fhoireann an poitéinseal go gcuirfí grúpscéim áireachais i bhfeidhm i gcomhair gach TFÁD, TFRD agus FSND ag clúdach dliteanais poiblí, dliteanais fhostóirí agus dliteanais stiúrthóirí agus oifigigh, d'fhonn é seo a bheith i bhfeidhm faoi 2006.

2.1.4. Sraith 3: Mionathruithe ag eascairt as an Athbhreithniú Lárthearma (ALT)

- Eanáir – Bealtaine: Chabhraigh FSND leis an ALT trína Stiúrthóir agus in idirchaidreamh leis an bhFoireann, le Líonra Chathaoirligh agus Chomhordaitheoirí an TFÁD.
- Breithníodh impleachtaí thuarascáil deiridh an ALT ó thaobh thosaíochtaí agus fhócas na Foirne i gcomhthéacs an chláir saothair don dara leath de 2005 agus chlár saothair amach anseo:
 - Meitheamh: Cuireadh conair chriticiúil maidir lena gcur i ngníomh faoi bhráid na R/GPTG i ndáil le Gníomhartha 108 agus 83.
 - Meán Fómhair: D'ainmnigh an Fhoireann an Stiúrthóir mar a hionadaí ar an Meitheal um Athshlánúchán faoi stiúir na R/GPTG.

2.1.4. Sraith 4: Athbheochan (Thiomantas Rann agus Gníomhaireachtaí Rialtais do FSND, TFÁDaí, TFRDaí, Grúpa Idir-Rannach agus Úsáideoirí Seirbhíse, agus an méid a thugann siad dóibh)

- 31^ú Bealtaine: Fuair an Fhoireann láithriú ar na torthaí buntábhachtacha a d'eascair as an athbhreithniú ar áiteanna imfhálaithe Fhostaíochta Pobail TFÁD a rinne Dr Alan Bruce, Dochtúir Comhairleach, a thug faoin athbhreithniú thar ceann FÁS.

- 14^ú Iúil: Bhail an Fhoireann agus Cathaoirligh na dTascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha ar Dhrugaí leis an Taoiseach agus an Tánaiste.
- 3^ú Deireadh Fómhair: D'eagraigh Lónraí Chathaoirligh/Chomhordaitheoirí TFÁD Comhdháil Tascfhórsa Áitiúil, *Ag Athbheochan TFÁDaí*, arna mhaoiniú ag R/GPTG, agus reáchtáladh in Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann é.
- Meán Fómhair: Rinne an tAire Stáit an Grúpa Idir-Rannach (GIR) a ath-chomhdhéanamh i mí Mheáin Fómhair agus rinne Cathaoirleach FSND ionadaíocht uirthi.
- Samhain 25^ú: Reáchtáil an Lónra Deonach Cóireála Drugaí (LDCD) seimineár sa Mhuileann gCearr chun athbhreithniú a dhéanamh ar a thorthaí taighde maidir le rannpháirtíocht i dTFRDaí agus FSND agus chun na torthaí sin a chur i láthair.

Ag breathnú amach romhainn go dtí 2006, táim féin agus foireann FSND ag súil lenár gcórais bhainistíochta faisnéise a fhorbairt tuilleadh agus ár dtacaíocht don obair leis na Tascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha ar Dhrugaí a choinneáil ar bun. Lena chois sin, tacóimid leis an measúnú leanúnach ar thograí maidir le riachtanais atá ag teacht chun cinn, áitreabh agus straitéisí, tionscnóimid an próiseas meastóireachta do thionscadail TFÁD arna maoiniú go heatramhach agus coinneoidimid dlúthnaisc ar bun lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus tacóimid leo: Comhordaitheoirí agus Cathaoirligh TFÁD agus TFRD, an Lónra Deonach Náisiúnta atá ag éabhlóidiú agus *Citywide*. Táimid iomlán tiomanta do sheirbhís éifeachtúil ardchaighdeán do chustaiméirí a choinneáil ar bun dár bpríomhpháirtithe ar fad.

Buíochas arís lenár gcathaoirleach Pádraic as a thacaíocht, a shoiléire agus a ghairmiúlacht leanúnach, le m'fhoireann féin as a n-éifeachtúlacht, a ndíograis agus a ndeaghiúmar seasmhach agus leis an bhfoireann sa R/GPTG a mbímid i dteagmháil leo go rialta agus a thugann tacaíocht ríthábhachtach dúinn lena n-áirítear an tAonad na Straitéise Drugaí, an fhoireann tacaíochta Teicneolaíochta Faisnéise agus an tAonad Oiliúna. Buíochas freisin leis na Comhordaitheoirí Áitiúla agus Réigiúnacha Eatramhacha agus a gCathaoirligh, Anna Quigley agus an fhoireann in *Citywide*, Jane Kenny, Comhordaitheoir LDCD, soláthraithe deonacha seirbhíse, a bhfuilimid ag súil go mór le hoibriú leo ar fad i rith 2006.

Patricia O Connor,
Stiúrthóir

3. FÓGHRÚPAÍ FHOIREANN NA STRAITÉISE NÁISIÚNTA DRUGAÍ

- Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí
- Tascfhórsa Réigiúnach ar Dhrugaí
- Riachtanais atá ag Teacht Chun Cinn/Áitreabh
- Cócín
- Oiliúint
- Meastóireacht

Tháinig na foghrúpaí le chéile roinnt uaireanta i rith chúrsa na bliana. Ghlac comhaltaí aonair den Fhoireann páirt i nó bhíodar ina gcathaoirligh ar gach Foghrúpa agus bhí ról idirchaidrimh acu leis na Tascfhórsaí ag leibhéal áitiúla agus réigiúnacha.

Leagtar obair Fhoghrúpaí éagsúla Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí in 2005 amach go mion sa chuid eile den tuarascáil.

3.1 Foghrúpa an Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí

Cuireadh na TFÁDaí ar bun in 1997 chun éascú le freagairt níos éifeachtaí ar fhadhb na ndrugaí sna limistéir a raibh na leibhéil úsáide drugaí ab airde ag dul dóibh. Comhpháirtíocht idir na hearnálacha reachtúla, deonacha agus pobail is ea TFÁDaí. Go dtí seo, tá TFÁDaí sainordaithe leis an bpróiseas le dhá thacar pleananna aicisin (ceann amháin i gcás Bhré) a chur i ngníomh, a ullmhú agus maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas sin. Faoi na pleananna sin, comhordófar gach clár ábhartha drugaí ina limistéar faoi cheithre shraith na Straitéise Náisiúnta Drugaí mar atá oideachas/cosc, cóireáil agus athshlánúchán, laghdú an tsoláthair agus taighde agus aghaidh á tabhairt ar bhearnaí sa soláthar seirbhíse.

Tháinig Foghrúpa an TFÁD, a bhfuil beirt ionadaí ó Líonra Comhordaitheoirí TFÁD san áireamh leis, le chéile 16 huairé. Díriodh a chuid oibre, go hachomair, ar na réimsí seo a leanas:

- Maoirseacht a dhéanamh ar shláinte 277 dtionscadal Bhabhta 2 agus 36 thionscadal Bhabhta 1 atá i bhfeidhm faoi láthair.
- Foirm athbhreithnithe TFÁD 1 a fhorbairt agus a chomhaontú chun na táscairí a beartaíodh i Meastóireacht Eacnamaíochta Goodbody (neamhfhoilsithe) a chur san áireamh.
- Tháinig sraith sheisiún oiliúna ina dhiaidh seo i mí Mheáin Fhómhair ar thug an fhoireann tacaíochta futhu i ndáil leis na foirmeacha seo a chomhlánú.
- Ag comhaontú le R/GPTG íocaíocht incrimintí le gach ball foirne i dtionscadail arna maoiniú go heatramhach.
- Monatóireacht a dhéanamh ar leithdháiltí bliantúla maoiniúcháin na dtionscadal gnáthlárnaithe TFÁD.
- Reachtáladh lá pleanála agus athbhreithniúcháin an 18^ú Eanáir chun a clár saothair bliantúil i gcomhair 2005 a chomhaontú.
- Ag comhlánú na measúnachta ar ghlanriachtanais fhorbartha agus riaracháin tionscadail TFÁD aonair agus moltaí a chur faoi bhráid na Foirne lena síniú go deireanach agus a chur faoi bhráid an Aire Stáit.
 - Ba é an pacáiste maoiniúcháin a lorgadh ná €73,000 agus faomhadh seo i mí Iúil 2005.
 - Ar fhaomhadh an Aire, monatóireacht ar dhul chun cinn ar an bpróiseas earcaíochta.
- Maoirseacht a dhéanamh ar na buiséid riaracháin/fhorbartha i gcomhair TFÁDaí.
- Treoirínte á dtabhairt chun críche chun éascú le measúnú ar thionscadail Tras-Tascfhórsa.
- An córas measúnachta a fhorbairt i gcomhair na gCistí um Riachtanais atá ag Teacht Chun Cinn agus Áitreabh.
- Na treoirínte Oibriúcháin uasdátaithe TFÁD á dtabhairt chun críche. Mar chéad chéim, chuir daoine idirchaidrimh FSND mionsonraí na scéimeanna nua agus eilimintí buntábhachtacha na dtreoirínte oibriúcháin uasdátaithe i láthair ag cruinnithe mhí Feabhra 2005 na dTFÁDaí.
- Nascáil leis an Tionscnamh Drugaí don Lucht Siúil go Sonrach ag spreagadh agus ag forbairt rannpháirtíocht ionadaithe an Lucht Siúil/nasc le Tascfhórsaí.
- I mí na Nollag, ag tionscnamh athbhreithnithe, le TFÁD ar na háiteanna imfhálaithe Fhostaíochta Pobail, a raibh sé d'aidhm leis líon na ndaoine atá ag glacadh leo faoi láthair a dhéanamh amach agus aon saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith tagtha chun cinn a shonrú.

Saincheisteanna a mbeidh FSND ag díriú orthu i rith 2006 ná todhchaí an Chiste um Riachtanais atá ag Teacht Chun Cinn agus an timthriall phleanála 3 bliana roimhe sin i gcomhair mhaoiniúcháin TFÁD agus gnáthlárnú tionscadail arna maoiniú go heatramhach.

3.2 Foghrúpa an Tascfhórsa Réigiúnaigh ar Dhrugaí

Tionscnaíodh na Tascfhórsaí Réigiúnacha ar Dhrugaí (TFRDaí) in 2002 chun taighde a dhéanamh ar fhreagairt chomhordaithe ar an úsáid aindleathach drugaí ag leibhéal réigiúnach agus an fhreagairt sin a fhorbairt, a chur i ngníomh agus monatóireacht a dhéanamh uirthi. Caithfidh siad maoirseacht a dhéanamh ar chontaetha iomadúla, ar roinnt ionad uirbeach a bhfuil leibhéal éagsúla d'fhadhbanna drugaí acu agus ar dhaonraí foriomlána ina réigiúin sa raon 200,000 go dtí 600,000 go tipiciúil. Baintear seo amach trí chur chuige comhpháirtíochta a bhfuil lámh ag na hearnálacha reachtúla, deonacha agus pobail ann trí phlean lánpháirtithe a fhorbairt, a dtacaíonn gach eagraíocht leis agus a bhfuil gach ceann acu tiomanta lena chur i ngníomh.

Choinnigh gach ceann den deich dTFRD agus a gcuid foghrúpaí sceidil rialta chruinnithe ar bun i rith 2005 agus dhírigh siad ar straitéisí trí bliana a chur i gcrích. D'fhorbair an Fhoireann treoirlínte i mí na Feabhra chun tacú leis na TFRDaí ó thaobh a gcuid straitéisí a fhorbairt. Faoi mhí na Bealtaine, bhí sé straitéis curtha isteach agus cuireadh an ceithre straitéis a bhí fágtha isteach i mí Mheáin Fhómhair. Leagtar freagairt ar an úsáid aindleathach drugaí amach i ngach ceann den deich straitéis seo agus díríonn siad freisin ar limistéir shonracha fhadhbacha ó thaobh pócaí úsáide aindleathaí drugaí agus riachtanais atá ag teacht chun cinn sna réigiúin. Sholáthair na sonraí seo, in éineacht le faisnéis ón Staidéar Náisiúnta Gabhála Athghabhála ar Úsáid na gCodlaidíneach, urghabhálacha drugaí aindleathacha ag na Gardaí, an Córas Náisiúnta Tuairisceoireachta um Chóireáil Drugaí agus an Lárliosta Cóireála Meatadóin, an bonn ar a ndearna FSND moltaí in 2005 don Aire Noel Ahern T.D., le haghaidh maoiniúcháin. Faomhadh breis agus 160 tionscadal dá bharr seo le haghaidh maoiniúcháin trasna na réigiún ar fad, ag cuimsiú na bpríomhcholún sa Straitéis Náisiúnta Drugaí ó thaobh cóireála, taighde, athshlánúcháin, oideachais agus coisc.

€52,500 an tsuim iomlán mhaoiniúcháin a chaith TFRDaí in 2005 ar a gcuid costas oibriúcháin agus caitheadh €380,700 eile a maoiníodh i leith 25 tionscadal aonair trasna trí chinn de na réigiúin, arna liostú in Aguisín 7.

Dhaingnigh FSND tacaíocht an Rialtais in 2005 go bhfostódh FSS 10 gComhordaitheoir TFRD go buan. Chomhlíon FSS feachtas náisiúnta earcaíochta ó mhí Mheáin Fhómhair go Nollaig le haghaidh 10 bpost mar Chomhordaitheoir TFRD. Céim mhór is ea é seo do na TFRDaí ó thaobh a bheith ag cabhrú leo díriú ar thionscadail a thionscnamh agus na gníomhartha faoi chuimsiú a straitéisí a chur i ngníomh. Leanfaidh an fhoireann ar aghaidh le bheith ag cabhrú le cumas na dTFRDaí a mhéadú trí phróiseas ionduchtúcháin chuimsithigh i gcomhair na gcomhordaitheoirí nua mar aon le hearcú riarthóra agus oibríthe forbartha aonfheidhme i ngach tascfhórsa, a áireamh mar thosaíocht.

Reáchtáil Líonra Chathaoirligh TFRD cruinniú tionscnaimh i mí Iúil agus bhuaill FSND le Líonra Chathaoirligh TFRD ar dhá ócáid. Reáchtáil FSND cruinniú tionscnaimh in ionad réigiúnach i gCill Chainnigh i mí na Nollag agus thapaíodar an deis freisin le bualadh le TFRD an Oirdheiscirt agus cuairt a thabhairt ar roinnt tionscadal sa limistéar.

Tacaíonn FSND le forbairt agus feidhmiú TFRDaí trína Fhoghrúpa TFRD. Ag breathnú amach romhainn go dtí 2006, tá gníomhartha ar tosaíochtaí iad sonraithe ag an bhFoghrúpa maidir le cumas a mhéadú, rialachas, pleananna aicsin a mhaoiniú agus a chur i ngníomh, scéimeanna fostaíochta pobail a bhaineann le drugaí go sonrach, meitheal maidir leis an athshlánúchán cónaithe, TFÁDaí breise laistigh de TFRDaí, alcól agus freagairt ar leitheadúlacht na ndrugaí bunaithe ar fhianaise.

3.3 Foghrúpa um Riachtanais atá ag Teacht Chun Cinn agus Áitreabh

Riachtanais atá ag Teacht Chun Cinn

Tar éis fógra ón Aire Stáit an 8^ú Eanáir, d'eisigh an Fhoireann gairm ar thograí an 28^ú Eanáir chuig gach Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí. Scaipeadh critéir chomhaontaithe agus foirmeacha iarratais i leith an chiste seo an tráth sin. Ar mhaithe le comhleanúnachas agus dea-ord, tugadh le fios sna treoirlínte go bhfeidhmeofaí córas measúnachta rollach agus gurbh iad Márta, Iúil agus Samhain 2005 na dátaí deiridh a nglacfaí le hiarratais. Tar éis measúnachta mionsonraithe ar na hiarratais a fuarthas, ag foghrúpa den Fhoireann arna chomhdhéanamh de phearsanra idirchaidrimh ábhartha, rinneadh aighneacht tosaigh ag tacú le deich dtionscadal i mí Mheithimh. Faomhadh cúig chinn díobh seo i mí Iúil.

Chuir an tAire Stáit an Fhoireann ar an eolas i mí Dheiridh Fhómhair gurbh é an chaoi go raibh uasteorainn €1 mhilliún ar fáil chun tacú le tograí a cuireadh isteach. Bhí an dara próiseas measúnachta curtha i gcrích ag an bhFoireann ag an tráth sin agus áiríodh tionscadail mar thosaíochtaí de thoradh na huasteorainne, rud a rinne bunús aighneachta eile i mí na Samhna. Bheartaigh an Fhoireann freisin, ar mhaithe le roinnt mhóimintín a choinneáil ar bun i ndáil le hobair na dTFÁDaí:

- Go ndéanfaí athbhreithniú ar stádas gach tionscadal a bhí le comhlíonadh, a bhí curtha isteach faoin dara spriodhata 31^ú Iúil lena mheasúnú ag an bhFoireann
- Go ndéanfaí athbhreithniú ar gach tionscadal eile dá raibh fágtha, lena n-áirítear iad siúd ar fad a cuireadh isteach faoin tríú spriodhata 30^ú Samhain agus cinneadh a dhéanamh maidir leo siúd a raibh moladh le déanamh ina leith go rangófaí iad mar thosaíocht mar leithdháiltí breise i mbloic €500,000 nó €1 mhilliún de thoradh aon mhaoiniúchán breise i meastacháin 2006.

Mhol an Fhoireann freisin gur chóir sos a ghlacadh tar éis spriodhata na Samhna, chun dul ar aghaidh le hathbhreithniú ar an bpróiseas agus ar threoirlínte.

San iomlán, faomhadh cúig thionscadal déag faoi phróiseas na Riachtanas atá ag Teacht Chun Cinn faoi dheireadh 2005, agus liostaítear iad in Aguisín 5.

Áitreabh

Chomhaontaigh an Fhoireann iarratas uasdátaithe agus d'athbhreithnigh agus leag síos na critéir don tionscnamh seo go luath in 2005, agus scaipeadh iad go forleathan ar Thascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí. Mar aon leis an gCiste um Riachtanais atá ag Teacht Chun Cinn, feidhmíodh córas measúnachta rollach agus Márta, Iúil agus Samhain 2005 ainmnithe mar dhátaí deiridh a nglacfaí le hiarratais chuig an bhFoireann tar éis a bhfaofa ag leibhéal Tascfhórsa.

San iomlán, fuarthas ocht n-iarratas san iomlán in 2005 faoi chiste tionscnamh na n-áitreabh. Tar éis measúnachta mionsonraithe ag foghrúpa den Fhoireann, rinneadh dhá aighneacht leis an Aire Stáit i mí Mheithimh agus Mheáin Fhómhair 2005. Liostaítear na tionscadail a faomhadh in Aguisín 5. Feidhmíodh treoirlínte inmheánacha na R/GPTG a cuireadh in oiriúint ó threoirlínte na Roinne Airgeadais, i leith gach iarratas faoin tionscnamh seo ó Dheireadh Fómhair 2005.

Lena chois sin, thug an tAire Stáit faomhadh go dtiomsófaí tuarascáil mhionsonraithe ar an obair a bhí ag teastáil ar an athchóiriú mór a bhí beartaithe ar 42 Sráid an Mhainéir, Baile Átha Cliath 7 i limistéar Thuaisceart Lár na Cathrach chun cóiríocht a chur ar fáil i gcomhair roinnt tionscadal pobalbhunaithe lena n-áirítear tionscadal athshlánúcháin *Gateway*.

3.4 Foghrúpa Cóicín.

D'fhorbair an Foghrúpa Cóicín clár idirghabhálacha píolótacha chun freagairt don úsáid chóicín i raon suíomh éagsúil. D'fhaomh an Fhoireann é seo, agus chuir isteach don R/GPTG i mí Mheáin Fhómhair 2004. Chuir an R/GPTG maoiniúchán €400,000 ar fáil chun na moltaí seo a chur i ngníomh.

Roinneadh na hidirghabhálacha píolótacha seo mar seo a leanas:

- Ceithre Thionscadal Phíolótacha
- Ceithre Thionscnamh Oiliúna
- Ábhar Oideachasúil

Tionscadail Phíolótacha:

Tá 4 thionscadail píolótacha chóireála ann mar seo a leanas:

- Pacáiste teiripe cognaíche/iompraíochta agus cur chuige bainistíochta teagmhasachta d'úsáideoirí a insteallann cóicín sna féitheacha i limistéar Thuaisceart Lár na Cathrach;¹
- Comhairleoireacht drugaí i ngrúpa, comhairleoireacht aonair maidir le drugaí, teiripe iompraíochta cognaíche agus bainistíocht teagmhasachta d'úsáideoirí ildrugaí i nDeisceart Lár na Cathrach;
- Samhail ó thaobh líonra tacaíochta piaraí d'úsáideoirí fadhbacha cóicín ar mná iad i Lár na Cathrach; agus
- Leibhéil fhadhbacha úsáide áineasa tríd an tsrón (úsáid leathéadrom a gcuirtear síos uirthi mar 'snórtáil ag deirí seachtaine de ghnáth') i Limistéar Thamhlachta.

Tá Sainchomhairleoirí Eacnamaíochta Goodbody earcaithe chun meastóireacht a dhéanamh ar na hidirghabhálacha seo.

Tionscnaimh Oiliúna:

Soláthraíodh oiliúint i rith 2005 maidir le feasacht faoin gcóicín a ardú: d'fhreastail 55 duine ar cheardlanna aon lae, agus d'fhreastail 49 duine ar chúrsaí oiliúna dhá lá d'oibríthe sa líne thosaigh. Cé na gCeannaithe a rinne an oiliúint agus meastóireacht uirthi

Thaispeáin an mheastóireacht ar an oiliúint go raibh méadú ar scileanna agus eolas,² agus moladh tuilleadh oiliúna.³

Soláthraíodh oiliúint do 21 chomhairleoir cáilithe (aon cheann déag ainmnithr ag TFÁDaí) a oibríonn le lucht mí-úsáide cóicín/ spreagthach ar bhonn síceaitheiripeach, in Oiliúint Theiripe Iompraíochta Cognaíche, arna creidiúniú ag Ollscoil Leeds.

Cuid deiridh den oiliúint ná teiripí comhlántacha. TFÁD Bhaile Bhlainséir a bheidh á stiúradh seo, agus reáchtáilfear oiliúint ar an tSnáthaidpholladh Cluaise, Lámhchuimilt Indiach an Chloiginn agus Slánú Reiki.

¹ Táthar fós le tús a chur leis an tionscadal seo a fheidhmiú go céimneach. Cuireadh tús le heilimint na hoiliúna in 2005 áfach.

² Ag tús na hoiliúna, níor rátáil ach 4 as measc an 104 rannpháirtí a gcuid scileanna agus eolais i raon 70 nó níos mó as 90. Ag an deireadh, rátáil 53 a gcuid scileanna agus eolais sa réim seo. Ag ceann eile an speictrim, roimh thús na hoiliúna, rátáil 52 as measc an 104 rannpháirtí a leibhéil inniúlachta faoi bhun 50 as 90. Ar chríochnú an chúrsa dóibh, níor fhan ach beirt sa réim faoi bhun 50.

³ Moladh oiliúint sa mheastóireacht a dhíreodh ar riachtanais oibríthe ar mian leo go mbeadh eolas ar an gcóicín acu mar chuid den obair le déileáil le cliant a bhfuil úsáid ildrugaí ar siúl acu chomh maith le cúrsaí eile a thairgeann oiliúint do dhaoine a oibríonn go rialta le cliant arb é an príomhdhrua a roghnaíonn siad ná cóicín, i gcur chuige láneagraíochta.

3.5 Oiliúint

Cé nach raibh an Foghrúpa Oiliúna i bhfeidhm in 2005, reáchtáladh roinnt mhaith seimineár agus cúrsa oiliúna i rith na bliana.

Seimineáir le haghaidh TFRDaí agus TFÁDaí maidir le corprú dlíthiúil

Mar gheall ar iarratais ar fhaisnéis ó Thascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha ar Dhrugaí, d'óstáil FSND seisiún faisnéise chun saincheistanna maidir leis na nithe seo a leanas a scrúdú:

- Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le bheith i d'aonán dlíthiúil
- Conarthaí 'Óstála'
- Freagrachtaí an fhostóra

Bhí an fhaisnéis seo úsáideach do na Tascfhórsaí agus do thionscadail na dTascfhórsaí araon.

'Community Legal Resource', eagraíocht sheachbhrabúsach a oibríonn leis an earnáil phobail, a thug an seisiún faisnéise. D'fhreastail breis is 30 duine ar an dá sheisiún i mí Mhárta: ceann i mBaile Átha Cliath (arna éascú ag ionad na Roinne Oideachais agus Eolaíochta) agus an ceann eile i bPort Laoise. Fuarthas aiseolas dearfach ag na seisiúin seo.

Scaipeadh roinnt mhaith páipéar de thoradh na seimineár seo:

- Páipéar lenar pléadh iarmhairtí do Thascfhórsaí má dhéanann siad aonáin dlíthiúla díobh féin
- Teimpléad do Thascfhórsaí maidir leis an gcorprú, lena n-áirítear:
 - Teimpléad do chuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal
 - Treoir maidir le bheith ag cur isteach ar an gcorprú agus aitheantas mar charthannacht
 - Seicliosta maidir le deachleachtais & nósanna imeachta fostaíochta

Rud a bhaineann leis seo, forbraíodh agus scaipeadh Meabhrán Tuisceana maidir le Tascfhórsaí a bheith ag dul isteach i socrúithe óstála chun foireann a fhostú.

Oiliúint ar tháscairí tionscadail agus próisis arna sonrú in Athbhreithniú Goodbody ar Chaiteachas na dTFÁDaí

Reáchtáladh roinnt mhaith seisiún oiliúna le tionscadail TFÁD i mí Mheáin Fhómhair 2005 chun a chinntiú go mbeifí soiléir maidir leis an aiseolas ar dhul chun cinn na dtionscadal do TFÁDaí.

Ó lár 2005, rinne an Fhoireann foirm TFÁD 1 a uasdátú (an fhoirm a úsáideann gach tionscadal chun gníomhaíocht agus dul chun cinn a leagan amach ionas go molfadh an TFÁD go leanfaí ar aghaidh le maoiniúchán). Rinne an Fhoireann athbhreithniú ar an bhfoirm seo agus shínigh Ranna agus Gníomhaireachtaí é i mí Mheáin Fhómhair 2005.

Tá na táscairí ó 'Athbhreithniú Goodbody ar Chaiteachas na dTFÁDaí' curtha isteach ina gcuid den fhoirm athbhreithnithe. Fágann an fhaisnéis seo go mbeifear in ann leibhéal an-mhéadaithe de mhionsonraí a chur isteach maidir le gníomhaíocht tionscadail le haghaidh gach tionscadal arna mhaoiniú go heatramhach lena n-áirítear spriocghrúpa, modhanna arna n-úsáid, catagóir tionscadail, leibhéil an tsoláthair fhoirne agus líon na ndaoine a thagann ar sheirbhísí. Tá cuid níos déine maidir le haiseolas ó thaobh cúrsaí airgeadais curtha isteach ina cuid den fhoirm athbhreithnithe freisin. Tugann sé seo níos mó mionsonraí do na TFÁDaí maidir le caiteachas tionscadail; agus gníomhaíocht á roinnt ina costais tuarastail agus chláir.

Reáchtáil foireann na FSND 3 sheisiún faisnéise do thionscadail TFÁD i mí Mheáin Fhómhair 2005 lena chinntiú go mbeifí soiléir faoin bhfoirm TFÁD 1 nua.

Oiliúint d'ionadaithe pobail agus deonacha ar TFÁDaí agus TFRDaí i gcomhar le *Citywide* agus LDCD

Bhí idirchaidreamh ag FSND le *Citywide* agus an Líonra Deonach Cóireála Drugaí ina seimineáir leis na hionadaithe pobail agus deonacha ar Thascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha ar Dhrugaí.

Thacaigh an Fhoireann le cúrsa arna chreidiúnú ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna freisin maidir le hoiliúint d'ionadaithe pobail TFÁD do 12 rannpháirtí, a tionscnaíodh in 2005.

Seimineáir an CCND chun cumas a mhéadú i ndáil le taighde:

D'eagraigh an CCND sraith cheithre sheimineáir taighde, ar iarratas FSND, a raibh sé d'aidhm leo cumas le dul i mbun taighde, a mhéadú. Reáchtáladh an chéad cheann díobh seo i mí na Nollag 2005.

3.6 Foghrúpa Meastóireachta

Ba é sainchúram an Foghrúpa Meastóireachta in 2005 ná cáipéis tairisceana a dhréachtú maidir leis an bpróiseas a dtabharfaí faoi agus meastóireacht á déanamh ar thionscadail TFÁD arna maoiniú go heatramhach, agus é seo a chur i láthair na Foirne.

Bhí an Foghrúpa Meastóireachta comhdhéanta de chomhaltaí FSND, ionadaithe ó Líonra Chomhordaitheoirí TFÁD agus ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí.

Ó mhí Eanáir go dtí mí Aibreáin 2005, tháinig an Foghrúpa le chéile 3 huairé. Cuireadh dréacht-tairiscint i láthair na Foirne i mí Aibreáin; moladh, sa chás go ritheann tionscnóirí tionscadail níos mó ná tionscadal amháin, go ndéanfaí meastóireacht ar na tionscadail seo in éineacht le chéile. Moladh freisin go ndéanfaidh TFÁDaí meastóireacht inmheánach ar roinnt tionscadal a bhfuil buiséad bliantúil is lú ná €50,000 acu.

Bhreithnigh FSND an próiseas seo, agus lorgadh aiseolas ó ionadaithe Roinne, Gníomhaireachta agus earnála. Chuaigh an próiseas Meastóireachta ar stad i mí Aibreáin 2005 toisc gur lorgadh soiléiriú ar ghnáthlárnú tionscadal reatha arna maoiniú go heatramhach.

D'iarr R/GPTG ar FSND i mí na Nollag 2005 tús a chur leis an bpróiseas ó thaobh meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail TFÁD arna maoiniú go heatramhach, tar éis toilithe ó bhealaí maoiniúcháin le dul isteach sa phróiseas meastóireachta gan dochar don tsaincheist ó thaobh gnáthlárnúcháin.

4 AGUISÍNÍ

4.1 AGUISÍN 1

4.1.1 Ballraíocht Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí

Ainm	Roinn/Gníomhaireacht
An tUas. Pádraic White	Cathaoirleach Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí
Patricia O'Connor, Uas.	Stiúrthóir Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí
Carmel Madden, Uas. (Aibreán ar aghaidh)	Roinn an Taoisigh ar bun i bhFSND
An tUas. Tom Gallagher	Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil
An tUas. Niall Cullen	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Derval Howley, Uas. (chomh fada le mí na Feabhra) An tUas. Cathal Morgan	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Réigiún an Oirthir
An tUas. John Harkin (chomh fada le mí na Feabhra) Marie-Therese Martin, Uas.	FÁS
An tUas. Andrew Diggins	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
An tUas. Fergus McCabe	Earnáil Phobail
An tAth. Seán Cassin	Earnáil Dheonach
An tUas. Barry O'Brien	Garda Síochána
Lousie Kenny, Uas. (chomh fada le mí na Samhna) Anna May Harkin, Uas.	Roinn Sláinte agus Leanaí
An tUas. Pádraig de Stanlaigh	Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

4.1.2 Foireann Tacaíochta FSND

Ainm	Roinn/Gníomhaireacht
Aoife Davey, Uas.	FSND
Lisa Wafer, Uas.	FSND
An tUas. Peter Walker	FSND
Lorraine Cain, Uas.	R/an Taoisigh

4.1.3 Téarmaí Tagartha Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí

Is iad téarmaí tagartha FSND, faoi mar a shainmhínítear sa Straitéis Náisiúnta Drugaí (Tag gníomh 85 SND) ná:

- Comhordú éifeachtach a chinntiú idir oifigigh ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit a bhfuil ionadaíocht acu ar FSND agus baill de na hearnálacha pobail agus deonacha ó thaobh pleananna TFÁD agus TFRD a sheachadadh;
- Athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar an ngá le TFÁDaí i limistéir uirbeacha faoi mhíbhuntáiste, go háirithe agus aird á tabhairt ar fhianaise ar fhás nó laghdú áitiúil san úsáid hearóine.
- Saincheisteanna maidir le beartais a shonrú agus a bhreithniú agus a chinntiú go dtreoraíonn obair agus ceachtanna ó na TFÁDaí agus TFRDaí beartais, trí chomhchruinnithe leis an nGrúpa Idir-Rannach;
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhunú na dTFRDaí;
- Treoirínte a chur le chéile maidir le feidhmiú na dTFÁDaí agus TFRDaí agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcuid oibre;
- Meastóireacht a dhéanamh ar phleananna aicsin TFÁD agus TFRD, sa chás go gcuirtear isteach iad, agus moltaí a dhéanamh don GIR maidir le maoiniúchán a leithdháileadh chun tacú le hiad a chur i ngníomh;
- Cinntiú go dtugtar cuntas mar is ceart i suimeanna airgid arna leithdháileadh ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar thionscadail a ndéanann FSND maoirseacht orthu;
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur i láthair na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta;
- Bualadh go rialta le comhordaitheoir an Bheartais Náisiúnta Alcóil (Teideal ceart: Comhairleoir maidir leis an mBeartas Náisiúnta Alcóil) agus, ar an gcaoi chéanna, ba chóir go mbeadh ionadaíocht ag comhalta FSND ar an gcomhlacht a bhfuil sé curtha de chúram air an Beartas Náisiúnta Alcóil a chomhordú;
- Leanúint ar aghaidh le hionadaíocht ar Choiste Measúnachta Náisiúnta CÁSÓ agus cinntiú go leanfaidh na TFÁDaí ar aghaidh lena n-ionadaíocht ar na Grúpaí Forbartha don Ciste Áiseanna agus Seirbhísí don Óige (CÁSÓ);
- Go gcoinneodh Ranna agus Gníomhaireachta FSND ar an eolas faoi aon tionscnaimh ábhartha atáthar á réachtáil a dhéanfaidh difear do limistéir TFÁD nó TFRD. Lena chois sin, ba chóir ballraíocht FSND agus TFÁDaí/TFRDaí a admháil agus a scríobh isteach ina cuid de phleananna gnó/chláir oibre gach Roinn agus Gníomhaireacht ábhartha;
- Cuimhneamh ar thionscnaimh oiliúna a mhaoiniú, ar bhonn píolótach, chun ionadaíocht agus rannpháirtíocht éifeachtach an phobail sna TFÁDaí agus TFRDaí a láidriú;
- Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta is a bheadh sé creatlach chaighdeáin agus chreidiúnúcháin a thabhairt isteach do gach duine, grúpa agus gníomhaireacht a bhíonn i mbun oibre le drugaí, agus comhairle a thabhairt don GIR maidir leis sin. Ba chóir go dtabharfadh creatlach den sórt sin aghaidh ar shaincheisteanna amhail caighdeáin, oiliúint, cáilíochtaí, srl.; agus
- Leanúint ar aghaidh le samhlacha “deachleachtas”, a thagann as obair na dTFÁDaí agus TFRDaí, a shonrú agus iad a scaipeadh go forleathan.

Tuairiscíonn an Fhoireann don Aire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a sholáthraíonn, faoi seach, an t-eolas is déanaí do Choiste na Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta go rialta. Soláthraíonn Cathaoirleach na Foirne, trí Ghrúpa Idir-Rannach (GIR) na SND, an t-eolas is déanaí agus comhairle don Aire Stáit chun cabhrú leis a ról a chomhlíonadh. Tá téarmaí tagartha FSND fanta gan athrú de thoradh Athbhreithniú Lárthearma na SND (Meitheamh 2005).

4.1.4 Ról Chomhaltaí Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí

1. **Duine Idirchaidrimh a dhéanann Ionadaíocht ar g(h)níomhaireacht nó earnáil:**
 - Faisnéis, smaointe, beartais agus tograí a thabhairt óna g(h)níomhaireacht nó earnáil chuig FSND agus aiseolas cuí a sholáthar don ghníomhaireacht/earnáil.
 - Faisnéis, smaointe, beartais agus tograí a thabhairt ó FSND chuig a g(h)níomhaireacht nó earnáil agus aiseolas a sholáthar do FSND.
 - Cabhrú, de réir mar is cuí, le hionduchtúchán agus oiliúint/tacaíocht leanúnach a sholáthar d'ionadaithe óna g(h)níomhaireacht nó earnáil i ndáil lena n-obair leis na Tascfhórsaí.
 - É nó í féin a chur ar an eolas maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mí-úsáid drugaí, ionas go mbreifeofar an méid a thabharfaidh sé/sí d'obair FSND agus an méid a thabharfaidh a g(h)níomhaireacht nó earnáil d'obair na dTascfhórsaí go ginearálta.

2. **Duine Idirchaidrimh le TFÁDaí/TFRDaí:**
 - Gníomhú mar idirchaidreamh le haghaidh TFÁD amháin ar a laghad, agus le haghaidh líon nach mó ná dhá TFÁDaí.
 - Ba chóir don duine idirchaidrimh freastal ar gach ré cruinniú den TFÁD.
 - Freastal ar gach cruinniú TFRD i rith 2005 i bhfianaise chéim ríthábhachtach an oibriúcháin. Sa chás nach féidir leis an duine ainmnithe idirchaidrimh freastal ar an gcruinniú, ba chóir ionadaí malartach ón bhFoireann/lucht foirne a ainmniú chun freastal ina ionad.
 - Díriú ar obair Thascfhórsa Réigiúnaigh ar Dhrugaí ní ar fhoghrúpaí: rannpháirtíocht a choinneáil go dtí foghrúpaí má bhíonn an duine tiomanta cheana féin – athbhreithniú a dhéanamh ar an tinreamh íosta agus é a chomhaontú; Tiomantas a choinneáil má bhíonn an duine ar an bhfoghrúpa pleanála.
 - Aiseolas a thabhairt don Tascfhórsa Áitiúil/Réigiúnach maidir le hobair FSND agus ar mar atá an Straitéis Náisiúnta Drugaí á cur i ngníomh ar an iomlán.
 - Cabhrú leis an Tascfhórsa ina chuid oibre, trí chomhairle maidir le nósanna imeachta agus comhairle chuí eile a sholáthar.
 - FSND a chur ar an eolas faoi faisnéis, smaointe agus thograí arna dtabhairt anuas ag na Tascfhórsaí agus aiseolas a sholáthar de réir mar is cuí.
 - Fadhbanna atá ag teacht chun cinn agus ar gá don Fhoireann aird a thabhairt orthu, a chur chun suntais.
 - Cabhrú de réir mar is cuí sa chás go dtagann deacrachtaí chun cinn nárbh fhéidir a réiteach ag leibhéal áitiúil nó réigiúnach.
 - Comhairle a thabhairt do Chomhordaitheoirí agus Chathaoirligh TFÁD agus TFRD.
 - Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar théarma oifige gach 3 bliana.
 - Stádas neamhspleách a choinneáil agus gan a bheith ina chomhalta vótála den Tascfhórsa.

Nótaí:

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil teagmháil idir an duine idirchaidrimh agus an Tascfhórsa ach ar cheann amháin de roinnt bealaí cumarsáidí atá beartaithe idir FSND agus Tascfhórsa. Ar na bealaí eile tá:

- Cumarsáid leanúnach idir rúnaíocht FSND agus foireann tacaíochta Tascfhórsa maidir le nithe éagsúla oibriúcháin (faomhadh maoiniúcháin, iarratais ar mhaoiniúchán eatramhach, srl.);
- Cruinnithe rialta idir FSND agus Líonraí na gCathaoirleach agus na gComhordaitheoirí;
- Ionadaíocht Chomhordaitheoirí TFÁD agus TFRD ar fhochoistí FSND;
- Comhdhálacha nó ceardlanna aonuaire maidir le saincheisteanna sonracha;
- Teagmhálacha rialta idir comhaltaí FSND agus ionadaithe Tascfhórsa óna ngníomhaireachtaí/earnálacha.

4.2 AGUISÍN 2 –Cathaoirligh/Comhordaitheoirí na dTascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí

TFÁD	Cathaoirleach	Comhordaitheoir
Baile Formaid	An tUas. David Connolly	An tUas. Frank Gilligan
	Ospidéal Ghort na Silíní Baile Formaid Baile Átha Cliath 10	
Baile Munna	An tUas. Mick Cowman	An tUas. Hugh Greaves
	Ionad Axis Príomhshráid Baile Munna Baile Átha Cliath 9	
Baile Bhlainséir	An tUas. Philip Keegan	An tUas. Joe Doyle
	22(a) Príomhshráid Baile Bhlainséir Baile Átha Cliath 15	
Bré	An tUas. Brendan Maloney	Ms Niamh Mc Alinden
	TFÁD Bhré Aonad 2, Chéad Urlár 24 Bóthar Florence Bré Co. Chill Mhantáin	
Pobail na gCanálacha	An tUas. Tony Mac Carthaigh	Mary Ryder, Uas.
	Seirbhísí Andúile Teach an Droichid Ospidéal Ghort na Silíní Baile Formaid Baile Átha Cliath 10	
Cluain Dolcáin	Fidelma Twomey, Uas.	An tUas. Enda Barron
	Aonad 5 Gort na Darach Cluain Dolcáin Baile Átha Cliath 22	

TFÁD	Cathaoirleach	Comhordaitheoir
Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	An tUas. George Ryan	An tUas. Tom O'Brien
	Le Chéile Ascaill Uí Choileáin Thoir, Domhnach Cearna Baile Átha Cliath 5	
Corcaigh	James Corr, Comhairleoir	An tUas. David Lane
	Oifig Chúraim Phobail Ospidéal Fhionnbharra Bóthar na Dúglaise Corcaigh	
Baile Átha Cliath 12	An tUas. Brian Nugent	Aoife Fitzgerald, Uas.
	Seirbhísí Andúile Teach an Droichid Ospidéal Ghort na Silíní Baile Formaid Baile Átha Cliath 10	
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	Grainne Burke, Uas.	An tUas. Jim Doherty
	Teach Céad Bliain 35 Bóthar Eabhrac Dún Laoghaire Co. Baile Átha Cliath	
Fionnghlas/An Chabrach	An tUas. Joey Furlong	An tUas. John Bennett
	TFÁD Fhionnghlaise/na Cabraí Clinic na Tulchann 121 Clós Dhroichead Broom Bóthar Bhaile Uí Bhogáin Baile Átha Cliath 11	
Tuaisceart Lár na Cathrach	Maureen O'Sullivan, Uas.	An tUas. Mel Mac Giobúin
	22 Sráid Buckingham Íochtarach Baile Átha Cliath 1	

TFÁD	Cathaoirleach	Comhordaitheoir
Deisceart Lár na Cathrach	An tUas. Tom Brunkard	An tUas. Colm Browne
	Seirbhísí Andúile Teach an Droichid Ospidéal Ghort na Silíní Baile Formaid Baile Átha Cliath 10	
Tamhlacht	Anna Lee, Uas.	Lisa Baggott, Uas.
	Seirbhísí Andúile Teach an Droichid Ospidéal Ghort na Silíní Baile Formaid Baile Átha Cliath 10	

4.3 AGUISÍN 3 - Cathaoirligh/Comhordaitheoirí na dTFDaí Réigiúnacha

TFRD	Cathaoirleach TFRD	Comhordaitheoir TFRD
Lár Tíre	An tUas. Jack Taffe	An tUas. Bill Ebbitt
	Bord Sláinte Lár Tíre Seirbhís um Chothú Sláinte <i>The Old Maltings</i> Sr Coote Portlaoise Co Laoise	
Meán-Iarthar	An tUas. Tom Gleeson	Maria McCully, Uas./ An tUas. Rory Keane
	Comhordaitheoir na Straitéise Drugaí Bord Sláinte an Mheán-Iarthair Aonad 4, Cnoc <i>Kenneth</i> Bóthar an Duga, Luimneach	
Thoir Thuaidh	An tUas. Pat Shields	Dr Nazih Eldin
	Aonad um Chothú Sláinte Bord Sláinte an Oirthuaiscirt Bóthar an Iarnróid An Uaimh Co. na Mí	
Thiar Thuaidh	An tUas. Loman Conway	Patricia Garland, Uas.
	Seirbhísí Andúile agus Comhairleoireachta Bord Sláinte an Iarthuaiscirt <i>Charter House</i> Sráid an tSeanmhargaidh Sligeach	
Deisceart	An tUas. Kevin Davis	An tUas. Willie Collins
	Comhordaitheoir Seirbhísí Drugaí agus Alcóil Bord Sláinte an Deiscirt Ospidéal Fhionnbharra Bóthar na Dúglaise Corcaigh	

TFRD	Cathaoirleach	Comhordaitheoir
Oirdheisceart	An tUas. Cyril Darcy	An tUas. Tony Barden
	Comhordaitheoir Réigiúnach Drugaí Bord Sláinte an Oirdheisceirt Chéad Urlár Teach <i>Beech</i> Timpeallán <i>Cove</i> Bóthar Dhún Mór Port Láirge	
Iarthar	An tUas. Padraic Hughes	Fiona Walsh, Uas.
	Comhordaitheoir Réigiúnach Drugaí Bord Sláinte an Iarthair Seirbhísí Drugaí 64 Sráid Doiminic Gaillimh	
Limistéar an Chósta Thoir (Réigiún Bhaile Átha Cliath)	An tUas. John O'Brien	Siobhán Turner, Uas.
	Bord Sláinte an Chósta Thoir Bloc B, An tIonad Cathartha, Príomhshráid, Bré, Co. Chill Mhantáin	
Limistéar an Tuaiscirt (Réigiún Bhaile Átha Cliath)	Eleanor McEvoy, Uas.	F/C Pat Dunne, ACE
	FSS Limistéar an Tuaiscirt Páirc Ghnó Shoird Bóthar Balheary Sord, Co. Bhaile Átha Cliath	
Limistéar an Iardheisceirt (Réigiún Bhaile Átha Cliath)	Ath. Sean Healy	An tUas. Maurice Farnan
	Seirbhísí Drugaí agus Andúile Teach an Droichid Ospidéal Ghort na Silíní Baile Formaid Baile Átha Cliath 10	

4.4 Aguisín 4: Táscairí Próisis Athbhreithniú Goodbody ar Chaiteachas

Réamhrá

Sonraíodh roinnt táscairí in Athbhreithniú Goodbody ar Chaiteachas chun próisis TFÁD a thomhas. Is iad na táscairí seo ná:

- Líon chruinnithe TFÁD: líon na gcruinnithe ar fhreastail comhaltaí TFÁD orthu go bliantúil
- Líon na laethanta duine atá comhionann le freastal ar chruinnithe: líon na laethanta daoine a d'fhreastail comhaltaí TFÁD orthu go bliantúil
- Líon cruinnithe seachtracha ag comhordaitheoir TFÁD: líon bliantúil na gcruinnithe nár bhain le tionscadail ar fhreastail comhordaitheoir TFÁD orthu le haonáin lasmuigh den Tascfhórsa.
- Rátáil sásaimh na bPríomhpháirtithe leasmhara: líon agus cion chomhaltaí TFÁD a chuir in iúl go raibh siad 'sásta' nó 'an-sásta' le próiseas an TFÁD, nuair a iarradh orthu an próiseas a rangú ar an ngnáthscála Likert.

Teorainneacha Sonraí

- Soláthraíonn táscairí an phróisis grianghraf ar an ngníomhaíocht fhoriomlán. Gabhann teorainneacha leis na sonraí áfach.
- Níor fhreagair na TFÁDaí ar fad; sholáthair 6 TFÁD faisnéis iomlán ar na táscairí, sholáthair 2 TFÁD cuid den fhaisnéis.
- Tugtar le fios i dTábla 1 an leibhéal sástachta a bhí ag comhaltaí bhord an TFÁD leis an bpróiseas TFÁD san iomlán. Thug roinnt mhaith TFaí le fios go raibh an cheist ró-leathan le go mbainfeadh sé le hábhar le fírinne ar chor ar bith. Measadh go raibh an rogha maidir le 'gan tuairim ar bith' in easnamh freisin. Dúirt TF amhain 'nach léiríonn sé seo ach an próiseas inmheánach amháin. D'iarr beagnach gach comhalta go n-aisiompófaí a staid dá mbeadh an próiseas lasmuigh den TFÁD [seo] le bheith san áireamh sa phróiseas'.
- Leagtar amach i dTáblaí 2 agus 3 líon na gcruinnithe agus líon na n-uaireanta atá i gceist leis seo. Ní thugann sé seo eolas le fios áfach maidir le cáilíocht na rannpháirtíochta, an obair a rinneadh mar ullmhúchán i gcomhair na gcruinnithe, an méid a rinneadh i ndiaidh na gcruinnithe, agus an t-am a caitheadh ag taisteal chuig agus ó chruinnithe.
- Soláthraíonn Tábla 4 liosta de chruinnithe seachtracha na gcomhordaitheoirí. Tá na sonraí seo teoranta arís, toisc nár soláthraíodh liosta agus catagóirí iomlána do chomhordaitheoirí. Is iad seo mar sin príomhréimsí na gcruinnithe seachtracha, seachas liosta cuimsitheach de chruinnithe iomlána.

Tábla 1: Líon agus cion chomhaltaí TFÁD a chuir in iúl go raibh siad 'sásta' nó 'an-sásta' leis an bpróiseas TFÁD, nuair a iarradh orthu an próiseas a rangú ar an ngnáthscála Likert

Sástacht	Deisceart Lár na Cath.	Canál	Baile Bhlainséir	Baile F.	Cluain D.	Tamhlacht	Líon ar an meán: 6 TFÁD
Fíorshásta	2	18	10	8	4	3	7.5
Measartha sásta	11	4	6	0	12	17	8.3
Gan cinneadh déanta	1	1	5	3	0	0	1.7
Measartha míshásta	3	0	0	1	1	0	0.8
Fíor-míshásta	1	0	1	0	0	0	0.3

Tábla 2: Cruinnithe Bhord TFÁD: Líon (agus uaireanta a chloig) chruinnithe bhord TFÁD ar fhreastail earnálacha orthu

	Deisceart Lár na Cath.	Canál	Baile Bhainséir	Baile F.	Cluain D.	Bré	Tamhlacht	BÁC Thoir Thuaidh			
Líon Iomlán cruinnithe	11	10	11	11	10	9	10	12			
										<i>LÍON IOMLÁN Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu:</i>	
										8 dTFÁD	
Cruinnithe TFÁD ar fhreastail iad seo a leanas orthu:											% cruinnithe in aghaidh na hearnála
Ionadaithe Reachtúla	43	38	56		49	30	48	34		298	32%
Ionadaithe Pobail	45	35	39		24	29	56	48		276	29%
Ionadaithe Deonacha	27	48	35		43	5	0	24		182	19%
Comhordaitheoir	11	10	10			8	9			48	5%
Ionadaithe Polaitíochta	4	7	11		0	7	9	4		42	4%
Cathaoirleach	11	9	11			6	7			44	5%
Idirchaidreamh FSND	9	4	6		1	6	6	4		36	4%
Comhpháirtíocht		3				9				12	1%
Líon uaireanta a chloig ag	300	308	336	338	230	403	270	720	2905 uair a chloig	938 gCruinniú	

Comhionannaithe le líon na mblianta duine: bunaithe ar lá 7 n-uair a chloig, seachtain chúig lá agus bliain oibre 220 lá (7,700 uaireanta/bliana)
Caitheann TFÁD 363 uair a chloig ar an meán ag cruinnithe TFÁD = 5% de bhliain duine lánaimseartha ar an meán in aghaidh an TFÁD

Tábla 3: Cruinnithe Fhochoiste TFÁD: Líon (agus uaireanta a chloig) chruinnithe bhord TFÁD ar fhreastail eárnálacha orthu

	Deisceart Lár na Cath.	Canál	Baile Bhlaínséir	Cluain D.	Bré	Tamhlacht	BÁC Thoir Thuaidh			
Líon Iomlán cruinnithe										
									LÍON IOMLÁN Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu: 7 dTFÁD	% cruinnithe in aghaidh na hearnála
Ionadaithe Deonacha	40	22	347	53	0	16	38		516	35%
Ionadaithe Pobail	77	54	65	35	20	64	130		445	30%
Ionadaithe Reachtúla	30	34	124	42	30	52	72		384	26%
Comhordaitheoir	0		53		12	20			85	6%
Cathaoirleach	25		10		0	12			47	3%
Ionadaithe Polaitíochta	4	0	0	0	2	6			12	1%
Líon uaireanta a chloig	294	220	1513	295	104	342	600	3368 uaireanta a chloig ag Cruinnithe Fochóiste	1489 gCruinniú	

Comhionannaithe le líon na mblianta duine: bunaithe ar lá 7 n-uair a chloig, seachtain chúig lá agus bliain oibre 220 lá (7,700 uaireanta/bliana)
Caitheann TFÁD 481 uair a chloig ar an meán ag cruinnithe fhoghrúpaí TFÁD= 6% de bhliain duine lánaimseartha ar an meán in aghaidh an TFÁD

Tábla 4: Cruinnithe Seachtracha Chomhordaitheoirí TFÁD: Líon bliantúil na gcruinnithe nár bhain le tionscadail ar fhreastail Comhordaitheoir TFÁD orthu le haonáin lasmuigh den Tascfhórsa

	Deisceart Lár na Cath.	Canál.	Baile Bhlaínséir	Baile F.	Cluain D.	Tamhlacht	BÁC Thoir Thuaidh	LÍON Iomlán Cruinnithe: 7 dTFÁD
Líon chruinnithe seachtracha Chomhordaitheoir TFÁD	52	60	84	84	128	106	63	577
TFRD	20	20	7		19	20	2	88
Comhpháirtíocht	6	20			21	9	20	76
<i>RAPID</i>	10		8		10	19	10	57
Líonra na gComhordaitheoirí		11	13	4	8	10		46
Grúpa Comhtháthúcháin /Grúpa Forbartha Áitiúla /Comhairlí/ <i>CDP/SIMS</i>			14	18	4	8		44
Bainistíocht Tionscadail					32		8	40
FSND/ Foghrúpaí FSND		3	9		9	16		37
Eile	10			10		5	10	35
<i>SCP</i>			5	16		4	4	29
Líonra na gComhordaitheoirí agus na gCathaoirleach		6	5	4	5	4		24
Tionscadal <i>Cees</i> /grúpaí stiúrtha				17				17
<i>Equal</i>			14					14
Díonta (Easpa Dídine)			6	4				10
Clár Oideachais Drugaí					8			8
Grúpa Oibre <i>CE</i>						8		8
Líonraí: Deonach/Oideachasúil				7				7
<i>SAYS</i>	6							6
Fóram Ionadaíochta Pobail					6			6
Nasc Príosúin					6			6
FSS							5	5
<i>URBAN</i>				4				4
Promhadh & Leas							4	4
<i>CÁSÓ</i>						3		3
<i>Citywide</i>			2					2
<i>Iris Hyper</i>			1					1

4.5 AGUISÍN 5 – Tionscadail Chaipitil ar Deonaíodh Cistí dóibh in 2005

Ainm an Tionscadail	Suim a Ceadaíodh
TFÁD Bhaile Bhlainséir – Tionscadal Abhainn na Tulchann	€75,000
TFÁD Bhaile Mhunna – Ionad Andúile Pobail -	€52,760
TFÁD Fhionnghlaise na Cabraí –Athchóiriú an TFÁD	€30,000
Ath-leithdháileadh TFÁD Fhionnghlaise na Cabraí – Ionad Sláinte <i>Wellmount</i>	€450,000
TFÁD Chluain Dolcáin –Tionscadal <i>Cumas</i>	€158,000
TFÁD <i>NIC</i> – Teach <i>Open Heart</i>	€50,000
TFÁD Thamhlachta – Teach <i>Kiltalown</i>	€100,000
Iomlán	€1,615,760

4.6 AGUISÍN 6 – Tionscadail maidir le Riachtanais atá ag Teach Chunn Cinn ar Deonaíodh Cistí dóibh in 2005

Ainm an Tionscadail	Suim a Ceadaíodh
TFÁD Bhaile Bhlainséir – Fóram Póilíneachta Pobail	€60,000
TFÁD Bhaile Bhlainséir – Tacaíocht Chomhairleoireachta do <i>CDTeanna</i>	€40,000
TFÁD Bhaile Mhunna – Tionscadal Píolótach Comhpháirtíochta Pobail / Dochtúirí Ginearálta um Andúil	€53,600
TFÁD Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh– Grúpa Feasachta Drugaí Leithinis Bhinn Éadair	€44,934
TFÁD Dhún Laoghaire Ráth an Dúin – Tionscadal Cúraim Leanaí Barnardos	€13,904
TFÁD Bhaile Fhormaid – STAR Bhaile Fhormaid (Seirbhís Aonfheidhme um Chóicín)	€77,670
TFÁD <i>NIC</i> – Comhairleoireacht <i>SNUG</i>	€22,400
TFÁD Phobail na gCanálacha– Tóireacha Allamuigh	€13,780
TFÁD Bhaile Átha Cliath - Croí Nua	€100,000
TFÁD Bhaile Átha Cliath – Ciall	€200,000
TFÁD Deisceart Lár na Cathrach – Teach Ashleigh	€100,000
TFÁD Deisceart Lár na Cathrach – Oibrí For-rochtana, <i>CDT</i> Dhún	€25,000

Uabhair (forleathnú ar phost páirtaimseartha atá ann cheana féin)	
TFÁD Deisceart Lár na Cathrach - Oibrí Tacaíochta Teaghlaigh, <i>CASADH</i>	€35,832
TFÁD Fhionnghlaise na Cabraí – Oibrí Tionscadail Aonfheidhme um Chóicín (<i>FAST</i>)	€48,615
TFÁD Fhionnghlaise na Cabraí – Clár Eachaí Choláiste Eoin	€4,144
IOMLÁN	€849,879

4.7 AGUISÍN 7 – Achoimre ar Mhaoiniúchán 2005 De Réir TFRD

TFRD an Oirdheiscirt	
Ainm an Tionscadail	Maoiniúchán €
Riarachán/Ciste Forbartha	€23,810
Feachtas um Alcól & Mhí-Úsáid Substainté	€10,000
Seachtain Fheachtas an Bhaile Bhig um Drugaí	€3,700
<i>CBDI</i> Ceatharlach/Cill Chainnigh	€4,250
Seachtain Fheachtas Cheatharlach/Cill Chainnigh um Drugaí	€10,500
Céim Eile	€30,000
<i>CBDI</i> Cho. Phort Láirge	€1,390
Líonra Pobail um Drugaí	€1,000
Croí Nua	€6,250
Oibrí Forbartha	€2,500
Forleathnú ar Thionscadal Líne Tosaigh	€4,000
Clár Oiliúna san Éascaitheoireacht	€2,000
Grúpa Tacaíochta Teaghlaigh	€1,100
Roghanna Sláintiúla/ Cinntí maidir leis an tSláinte	€3,000
<i>CBDI</i> Idirchathrach/Phort an Chalaídh	€2,500
Clár Óige Osraí	€3,000
Bróisiúr Tuismitheoir le Tuismitheoir	€5,000
Ciste na nDeontas Beag	€30,000
Clár Ealaíne <i>CBDI</i> Taobh Ó Dheas	€2,500
Feirm Phroinsias Naofa	€40,000
Comhpháirtíocht Limistéar Phort Láirge/Tionscadal Mhargadh an Arbhair	€45,000
An Saol: Treoirleabhar Maireachtála don Duine Óg	€1,000
Iomlán TFRD an Oirdheiscirt	€332,500
TFRD an Deiscirt 2005:	
Ainm an Tionscadail	Maoiniúchán €
Ciste na nDeontas Beag	€3,200
Seimineáir Oideachais	€10,000
Iomlán TFRD an Deiscirt	€23,200

TFRD an Mheán-Iarthair 2005:	
Ainm an Tionscadail	Maoiniúchán €
Ionad Cóireála Aljeff	€25,000
Maoiniúchán Iomlán do TFRDaí 2005	€380,700

4.8 AGUISÍN 8-10 – Achoimre ar Mhionsonraí Maoiniúcháin & Tionscadail de réir TFÁD

Aguisín 8: Mionsonraí ar an maoiniúchán arna leithdháileadh ar gach tionscadal TFÁD ar mhaoiniúchán ‘tosaigh’ agus ‘eatramhach (an chéad tráinse maoiniúcháin agus an tráinse ina dhiaidh). Leagtar an tuarascáil amach de réir TFÁD agus roinntear ina dtionscadail faoi ‘Bhabhta 1’ agus ‘Bhabhta 2’. Tagraíonn Babhta 1 do na tionscadail ón gcéad bhabhta de straitéisí TFÁD, c. 1997. Cé gur gnáthlárnaíodh formhór thionscadail Bhabhta 1 tar éis gur éirigh leis an meastóireacht orthu in 2001, d’fhan roinnt díobh ar mhaoiniúchán eatramhach. Tagraíonn tionscadail Bhabhta 2 do na tionscadail a thagann as na dara straitéisí TFÁD.

Aguisín 9: Mionsonraí ar na spriocghrúpaí a n-oibríonn tionscadail leo. Is iad seo catagóirí na spriocghrúpaí arna sonrú in Athbhreithniú Goodbody ar Chaiteachas, 2005:

- Úsáideoirí drugaí fásta (os cionn 18 mbliana)
- Úsáideoirí drugaí óga (faoi bhun 18 mbliana)
- Úsáideoirí drugaí atá ag teacht chucu féin/cobhsaithe
- Príosúnaigh agus príosúnaigh atá ag teacht chucu féin
- Úsáideoirí drugaí gan dídean
- Teaghlaigh úsáideoirí drugaí
- Leanaí/daoine óga (i mbaol) agus a dteaghlaigh
- Soláthraithe Seirbhíse
- Cónaitheoirí pobail
- Eile

Tabhair faoi deara, sa chás nach bhfuil tic le haon chatagóir ag tionscadail, gur tionscadail ar mhaoiniúchán tosaigh in 2006 atá iontu seo.

Aguisín 10: Mionsonraí ar thorthaí thionscadail na dTFÁD in 2005. Iarradh ar thionscadail iad féin a chur i gcatagóir de réir chatagóirí Athbhreithniú Goodbody ar Chaiteachas (2005):

- Rochtain ar chóireáil agus athshlánúchán
- Cóireáil agus laghdú díobhála d’úsáideoirí drugaí
- Athshlánúchán úsáideoirí drugaí
- Oideachas agus cosc
- Tacaíocht teaghlaigh
- Rialú an tSoláthair
- Oideachas agus oiliúint oibríthe i réimse na ndrugaí
- Taighde
- Eile

Soláthraíonn an tuarascáil na haschuir chomhiomlána i gcomhair catagóirí tionscadal. Toisc gur féidir le tionscadail tic a chur i gceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo, ní féidir na haschuir a chomhbhailiú trasna catagóirí, toisc gur comhaireamh dúbailte a bheadh i gceist leis sin.

Is iad seo a leanas na táscairí maidir le haschur, faoi mar a sainmhíníodh in Athbhreithniú Goodbody ar Chaiteachas (2005):

‘Fostaíocht tionscadail’: A chomhionann i mblianta fostaíochta lánaimseartha duine. Fostaíocht pháirtaimseartha agus shéasúrach arna hathrú go blianta duine ar bhonn lá 7 n-uair a chloig, seachtain chúig lá agus bliain oibre 220 lá.

‘Líon na gCás: líon na ndaoine aonair ar leithligh ar soláthraíodh seirbhísí dóibh laistigh den bhliain.

Do ghníomhaíocht a seachadadh ar bhonn aonair:

‘Líon na gcuariteanna’: líon uaireanta a úsáideadh an tseirbhís i rith na bliana.

‘Líon na gcás a dúnadh’: líon na gcás sa bhliain inar éirigh leis an tascfhórsa an tseirbhís oideachais, oiliúna, chóireála, athshlánúcháin nó tacaíochta teaghlaigh a tairgeadh don chliant, a sheachadadh agus nach bhfuil leas á bhaint ag an gcás sin as an tseirbhís níos mó. Má éiríonn leis an tascfhórsa an tseirbhís a sheachadadh, is éard is ciall leis sin ná go meastar nach bhfuil an tseirbhís áirithe sin ag teastáil ón gcliant níos mó.

Do ghníomhaíocht a seachadadh ar bhonn grúpa:

‘Líon na n-uaireanta seisiúin’: líon na seisiún sa bhliain de réir a bhfaid ama in uaireanta a chloig.

‘Líon na n-uaireanta rannpháirtithe’: líon bliantúil na bhfreastal ar sheisiún de réir fhad an fhreastail in uaireanta a chloig.

‘Líon na gcúrsaí críochnaithe’: Líon na ndaoine aonair sa bhliain ar éirigh leo cúrsaí in oideachas, oiliúint nó seirbhísí cóireála, athshlánúcháin nó tacaíochta teaghlaigh a chríochnú agus nach mbaineann leas as an tseirbhís áirithe sin níos mó. Má éiríonn leis an duine an cúrsa nó seirbhís a chríochnú, is éard is ciall leis sin ná gur fhreastail an duine ar 65 faoin gcéad ar a laghad de na seisiúin a tairgeadh.

D’aon seirbhísí cóireála meatadóin:

‘Líon nach bhfuil ag mí-úsáid’: líon agus cion na ndaoine sin atá i mubn cóireála ionadaí drugaí nach bhfuil ag mí-úsáid drugaí ag deireadh mhí Mheáin Fhómhair gach bliain.